Tinn liom do mhaoith, a Mháire
[NLI G 167, 281, new pagination p. 289]
Uilliam Óg mac Uilliam Óig Meic an Bhaird do chum so ag eccaoine tuirsi 7 dobroin inghine Ui Dhomhnuill, Mairé inghen Aodha mheic Maghnasa, fa bhás mheic a derbhrathar, Aodh mac Cathbharr.
[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 Tinn liom do mhaoith a Mháire
ge doimheasda a diogháire
ni dhligh cách cesda oraibh
da bfesda an fáth fuarabhair.
2 Da ndeachtha le díth socra
tar thoroin*n* do thromdho*cht*a
gidh lí rodhoirche ar ghné ghloin
nir chronaighthe é umoibh.
3 Lia dar chuirthe mar chuis tt*ru*im
ort a inghen I Dhomhnuill
bheith sodhedhla re a rádh ribh
le crádh oileamhna an imnidh.
4 Fiú gach ádhbhar fuair tusa
nar dhoigh gor dháil urusa
cur bhar ttocráidh ceím a*r* ccúl
no reim bhar n-acláin d’iompúdh.
5 Uch as ionganta ina sin
acht fiorghrasa Dé duiligh
leith do chéille ar do chum*mus*
ge bheith Eire ar t’fearan*n*us.
6 Frith a bfogus da cheíle [282/290]
iomad n-ádhbhar nimhchéille
led dhreich mhaithmigh ttlaithghil ttin*n*
nach ttaírthir th’aithghin d’Eirin*n*.
7 Fríth libh fa lorg bhar n-athar
craidh far chosm*ail* mearachadh
béd do chomhshnoidh do chroidhe
’s tre écc chodhnoigh Calr*aigh*e
8 A ta teine do chumhadh
re Ré mbuain ar bethughadh
tre bhuing an fhiodhmhuine as f*eár*r
do thuill ionmhuine Eirean*n*.
9 Beathugh*adh* nach beó dheit-si
minic théid fan teinidh-si
d’furta*cht* tendal chloin*n*e Cuin*n*
beangán do choille o cConuill.
10 Rug oraibh go nuá a-nosa
i ttrath fhuar*aidh* th’orchro-sa
sgél da sgoilter do chroidhe
frémh o n-oiltea*r* th’eólchaire.
11 Cloch fhaobhair dot thuirsi t*ru*im
oidh*eadh* Aodha meic Cathbha[i]rr
sí ’na cneidh i ccen*n* guine

ag séin err bhar n-eolchuire.
12 Ni hiongn*adh* brón dot bháth*adh*
fa dheghmhac do dhearbhráthar
ni tuamhain don chneidh ch*ro*idhe
ar fedh ar ccláir Chon*n*loi-ne.
13 Biodh nach ccaoinf*idh*e a chruth geal
da fhuil no d’oilbheim Gaoid*eal*
tar dhiomd*aidh* Dé ar a dheghfhuil
ionghuil é as a airrdhenaibh.
14 An*n*amh ma do fhás roimhe
d’uaisl*ibh* aicme Úgóine
fear a aoisi in ainm an fhir
ar thairm gáoisi et gaisg*idh*.
15 Ar fhoghlaim fa hárd n?garma
a*r* dhaon*nacht* a*r* dheghlabhra
ar cheíll ar aóibh ar fhearrdha*cht*
a*r* mhéin ccáoin a*r* chuirteamhla*cht*.
16 An*n*amh súil ler sill*eadh* air
an*n*amh cluasa da ccualaidh
gan roimheasg*eadh* cráidh fa a chen*n*
moirEsgar cáigh go coitchen*n*.
17 Ar a aba ni hiongn*adh* dol [283/291]
dhuit-si [a] deirbhshiur a ator
sgoth mhac Míl*idh* do chás c*ra*idh
t*re* bhás do mhil*idh* macáimh.
18 Ort fein aithn*igh*e a easb*aidh*
dhaoibh as dainmhe a uireasb*aidh*
neimhiongnamh (n*each*) do chrádh fa a chenn
tar chlar n-eimhiorghlan nÉirean*n*.
19 Silte bhar seinchrecht cumhadh
ten*n* a-taid ag núadhughadh
tre neimh t’achláin naoidhe a-nois
t*re* dháoire an athchraidh fua*r*ois.
20 Biodh nach an*n*amh fuarais goin
fan ccloin*n* do chin ot th’athoir
goin as crioch do na cneidhibh
fríth isin doigh dheighionaidh.
21 Uch ni heindíth a n-oidh*idh*
clan*n* oile righ rioghOiligh
tig da bhuain dín*n* don dulsa
dhibh ’sn?irbh uair don easgar-sa.
22 Eagail lin*n* nar leigset dhúinn
tú it aonar d’éis gach iompúidh
cuire seng go soighin ngráidh
d*re*am ler doil*igh* ar ndioghbháil.
23 Mo b-. (?) beg da mbeithea an*n*
agoin*n* in áit na saorchlann
gar bheg dhúin díth na fóirne
is brudh ar ccrioch cConoill-ne.
24 Eccóir chuirim a cciontuibh

an d*ru*ing n-ionmhuin n-oirbhiortaigh
tairrnic cionta a med meanma
créd a*cht* cionta cin*n*eamhna.
25 Da mbeithdís a*r* a mbreith féin
ni bhiadh re a chur ’na ccaithreím
fiú an ordaighthe b*udh* olc lin*n*
fa ghort n-ordfhoirbhthe nEirin*n*.
26 On trath fa bfuarais iad sin
a*cht* tú ar aithne an uird crádhb*aidh*
do bheith do lén buan a bhean
tre luadh na sgél do sgaoil*eadh*.
27 An bhean fuair faill ar an bfeart
’san té ler t*ru*agh a heisdea*cht*
laímh léd chrádh as cnesdoigh tin*n*
go lár do esgoir mh’in*n*tinn. Tinn…